# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2009**

---

LAIDIN – GNÁTHLEIBHÉAL
(400 marc)

---

DÉARDAOIN, 18 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 – 12.00

**1.** **[80]**

**(i)** Cuir Gaeilge air seo:- (35)

Ipse cava solans aegrum testudine amorem
te, dulcis coniunx, te solo in litore secum,
te veniente die, te decedente canebat.
Taenarias etiam fauces, alta ostia Ditis,
et caligantem nigra formidine lucum
ingressus, manesque adiit regemque tremendum
nesciaque humanis precibus mansuescere corda.

**VEIRGIL**

**(ii)** Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú cúig mharc déag gach aon ceist acu):- (45)

**(a)** Cén scil speisialta a thuilleann cáil d'Oirféas?
**(b)** Inis go hachomair an scéal faoi conas a fuair Eoraidícé bean Oirféas bás.
**(c)** Nuair a théann Oirféas isteach sa Domhan Íochtarach cad a ligtear dó a dhéanamh?
**(d)** Conas a chailleann Oirféas Eoraidícé den dara huair?
**(e)** Cad a tharlaíonn d'Oirféas ag deireadh na sleachta seo?
**(f)** Scríobh nóta gearr faoi shaol agus faoi shaothar Veirgil.
**(g)** Seachas an sliocht seo, cad é an sliocht nó an dán is fearr leat ón gcúrsa? Abair cén fáth ar maith leat é.

**2.** Cuir Gaeilge air seo:- **[80]**

(*Fuadaíonn na Rómhánaigh na cailíní Saibíneacha chun go mbeidh siad ina mná céile acu*)

Romulus ludos Neptuni paravit et gentes finitimas ad spectaculum invitavit. Multi homines convenerunt quod novam urbem videre volebant. Multi viri Sabini quoque venerunt cum liberis et uxoribus.

Ubi tempus spectaculi venit et omnes spectatores sedebant, Romulus signum dedit. Iuvenes Romani celeriter ingressi sunt ut puellas Sabinas raperent. Primo puellae iratissimae erant sed Romulus dixit, 'vos uxores nostrae et feminae Romanae eritis.' Mox puellae non iam tristes sed laetae erant.

finitimus: comharsanach. spectator: féachadóir. signum: comhartha.

**3.** Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair **ocht gcinn ar bith** de na ceisteanna ina dhiaidh. (Is fiú deich marc gach aon cheist acu):- **[80]**

(*Fuadaíonn Plútón, rí an Domhain Íochtaraigh, Proserpina*)

In insula Sicilia prope urbem Aetnam est lacus altus. Silvae magnae lacum cingunt et in umbra arborum crescunt multi flores. Hic olim Proserpina cum amicis ambulabat. Dum puella flores quaerebat et longius errabat, Pluto, deus Tartari, eam conspexit. Pluto Proserpinam vidit, amavit, rapuit. Puella magna voce clamavit, 'mater et amicae, me adiuvate,' sed frustra. Amicae enim vocem Proserpinae non audiverunt.

Interea Pluto per altum lacum, per montes altos equis festinavit. Proserpina semper clamabat, sed nemo audivit.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Sicilia: an tSicil. | Aetna: Etna. | lacus: loch. | altus: domhain, ard. |
| cingo: timpeallaím. | umbra: scáth. | arbor: crann. | cresco: fásaim. |
| hic: anseo. | quaero: cuardaím. | Tartarus: an Domhan Íochtarach. | |

**(i)** Cá raibh an loch domhain?
**(ii)** Cad a bhí thart timpeall ar an loch domhain?
**(iii)** Cad a bhí ag fás faoi scáth na gcrann?
**(iv)** Cad a bhí ar siúl ag Proserpina ansin?
**(v)** Cé a chonaic ansin í?
**(vi)** Cad a tharla nuair a chonaic sé í?
**(vii)** Cad a rinne Proserpina ansin?
**(viii)** Cén fáth nár éirigh leis (go raibh sé in aisce)?
**(ix)** Cad a bhí ar siúl ag Plútón idir an dá linn?
**(x)** Cé gur lean Proserpina de bheith ag béicíl i gcaitheamh an ama, cad a tharla?
**(xi)** Luaigh príomhranna **dhá cheann ar bith** de na briathra seo a leanas ón sliocht thuas:-

sum, ambulo, conspicio, video, audio.

**(xii)** Luaigh an Tuiseal Ainmneach, Uimhir Iolra, de **dhá cheann ar bith** de na hainmfhocail seo a leanas ón sliocht thuas:-

insula, urbs, flos, deus, vox.

**4.** Freagair Roinn A **nó** Roinn B. (Is fiú ochtó marc gach roinn acu):- **[80]**

**A.** Cuir Laidin orthu seo:-

**(a)** Bhí brón ar Oirféas toisc go raibh a bhean álainn marbh. (16)

**(b)** Dá bhrí sin shocraigh sé ar dhul go dtí an Domhan Íochtarach, baile Phlútóin. (16)

**(c)** Chan Oirféas cróga go binn do dhrochdhia an Domhain Íochtaraigh. (16)

**(d)** Ansin thug an dia, Plútón, a bhean chéile ar ais d'Oirféas dílis. (16)

**(e)** 'Ní féidir leat breathnú ar do bhean chéile,' a bhagair bandia an Domhain Íochtaraigh. (16)

Oirféas: Orpheus -i *f.* Domhan Íochtarach: Tartarus –i *f.* Plútón: Pluto -onis *f.*
go binn: suaviter.

**NÓ**

**B.** Cuir Gaeilge air seo:

(*Cruthaíonn Diogenes go raibh an ceart aige nuair a thugann fear saibhir cuireadh chun dinnéir dó*)

Vir dives Diogenem ad cenam invitavit. Diogenes togam sordidam gerebat. Cum domum viri divitis advenisset, intrare non poterat. Servi inquiunt, 'abi, sceleste! Tu es pauper!' Diogenes domum suam redivit et togam mutavit. Tum Diogenes domum viri divitis regressus statim intrare poterat.

Nunc servi ei cibum offerebant et vinum fundebant. Diogenes tamen cibum et vinum in sinum togae fundebat. 'Bibe!' inquit, 'et cibum consume, o optima toga! Nam tu, non ego, ad cenam invitata es!'

| | | | |
|---|---|---|---|
| dives: saibhir. | toga: toga. | sordidus: salach. | inquiunt: deireann (siad). |
| pauper: bocht. | muto: athraím. | offero: tairgim. | fundo: doirtim. |
| sinus: filleadh. | consumo: ithim. | | |

**5.** **Stair na Róimhe, 264 – 44 R.Ch**. Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

- **(i)** Cén tábhacht a bhain le Cath Oileáin Aegates sa bhliain 241 R.Ch?
- **(ii)** Mínigh cén fáth a raibh ionsaí Hannabal ar Saguntum ina chúis leis an Dara Cogadh Púnach.
- **(iii)** Déan cur síos ar an mbealach a chuaigh Hannabal chun an Iodáil a ionsaí.
- **(iv)** Cad a tharla ag an gcath ag Loch Trasimene sa bhliain 217 R.Ch.?
- **(v)** Cérbh iad na *latifundia* agus conas a chuir siad isteach ar an tsochaí Rómhánach?
- **(vi)** Cá raibh tíortha ársa na Macadóine agus na hAcháia?
- **(vii)** Cérbh é Bocchus? Cén bhaint a bhí aige leis an gcogadh le Iúgurtha?
- **(viii)** Cé a thug isteach *leges Corneliae*? Déan cur síos ar **cheann amháin** de na príomhchuspóirí a bhí aige.
- **(ix)** Cérbh é Clodius? Cén bhaint a bhí aige le polaitíocht na Róimhe?
- **(x)** Cad a tharla ar Íodh Márta sa bhliain 44 R.Ch.?

**B.** Samhlaigh gur mac thú le **Marius**. Tá d'athair díreach tar éis bás a fháil agus é sna seachtóidí tar éis dó bheith ina chonsal don seachtú huair. Scríobh *laudatio funebris* (óráid adhlactha) ina dtugann tú breac-chuntas ar phríomhéachtaí a ghníomhréime. (20)

**NÓ**

Scríobh cuntas ar na príomhchéimeanna i ngníomhréim **Chicearó** mar óráidí, mar scríbhneoir agus mar pholaiteoir. (20)

**6.** **Saol Sóisialta agus Sibhialtacht na Rómhánach**. Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

**(i)** Cérbh iad na dualgais a bhí ar *paedagogus* i dteaghlach Rómhánach?
**(ii)** Déan cur síos ar an ngaol a bhí idir *patronus* agus a chuid *clientes* sa tsochaí Rómhánach.
**(iii)** Cérbh iad na *Lares* agus na *Penates* i reiligiún na Rómhánach?
**(iv)** Cá raibh an *impluvium* i dteach Rómhánach? Cén fheidhm a bhí aige?
**(v)** Ainmnigh agus déan cur síos ar **dhá** bhall éadaigh a chaith bean Rómhánach.
**(vi)** Déan cur síos ar **dhá** nós a bhain le bainis Rómhánach.
**(vii)** Conas a ceapadh *censor* sa stát Rómhánach? Cén ról a bhí aige?
**(viii)** Mínigh cén fáth a raibh an staidéar ar an nGréigis chomh tábhachtach sin do na Rómhánaigh.
**(ix)** Cén ról a bhí ag *haruspex* sa reiligiún Rómhánach?
**(x)** Luaigh **dhá** chúis a raibh ola olóige chomh tábhachtach sin sa tsochaí Rómhánach.

**B.** Féach ar an learáid seo thíos den *Cholasaem* mar atá sé sa lá inniu agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh:-



**(i)** Déan cur síos ar na príomhghnéithe a bhain leis an amfaitéatar Rómhánach. (4)

**(ii)** Ainmnigh **dhá** chineál gliaire agus abair conas a bhí siad armáilte. (4)

**(iii)** Samhlaigh gur gliaire rathúil tú atá díreach tar éis an claíomh adhmaid a fháil. Scríobh litir chuig cara ina mbreathnaíonn tú siar ar do ghníomhréim san airéine. (12)